# Vóta 30 Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 30, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 ar thuarastail agus chostais Oifig an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riarann an Oifig sin, agus chun deontais áirithe agus deontais i gcabhair éagsúla a íoc agus chun deontais áirithe a íoc faoi scéimeanna airgeadteoranta.

Cuirtear toradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2011, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar chaiteachas na bliana.

Is cuid den Chuntas seo an Ráiteas faoi na Polasaithe agus na Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go dtí 6.

**Ráiteas faoi na Polasaithe agus na Prionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú, cé is moite seo a leanas.

***Sócmhainní caipitil***

Déantar mótarfheithiclí a dhímheas thar 5 bliana ar ráta 20% in aghaidh na bliana. Déantar trealamh oifige/TF áirithe agus sócmhainní saintrealaimh a dhímheas thar 10 mbliana ar ráta 10% in aghaidh na bliana ach déantar cuid eile a dhímheas thar 5 bliana ar ráta 20% in aghaidh na bliana.

**Oiliúint i Scileanna Airgeadais**

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais atá i bhfeidhm sa Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

***Bainistíocht Airgeadais***

Tugtar miontuairisc go míosúil don Choiste Bainistíochta ar an bhfeidhmíocht airgeadais agus neamhairgeadais araon. Sa chaoi seo is féidir bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar aschur agus ar éifeachtacht agus cinntíonn sé luach ar airgead.

***Bainistíocht Riosca***

Tá Córas Bainistíochta Riosca i bhfeidhm ag an Roinn ar cuid é den phróiseas pleanála gnó do na rannáin uile. Is é cuspóir an chórais seo na rioscaí a aithint agus a mheas agus bearta a dhearadh chun na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith i mbealach na Roinne a rialú agus a bhainistiú. Déantar athbhreithniú leanúnach ar an gCóras Bainistíochta Riosca. Sa chomhthéacs seo, athainmníodh an Coiste Iniúchta Inmheánaigh agus tugadh an Coiste Iniúchta Inmheánaigh agus Riosca air d'fhonn béim a chur ar an tábhacht a bhaineann le riosca mar chuid dá théarmaí tagartha.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Ullmhaítear clár iniúchta inmheánach bliantúil faoi choimirce an Choiste Iniúchta. Is é an tAonad Iniúchta Inmheánaigh a dhéanann an t-iniúchadh agus tuairiscíonn siad a gcuid torthaí don Choiste a fheidhmíonn faoi chairt scríofa. Críochnaíodh deich dtuarascáil san iomlán in 2011.

**Aidan Dunning**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
29 Márta 2012

# Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 30: Cumarsáide, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críoch m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Cumarsáide, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithresa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhlian dar chríoch 31 Nollaig 2011.

Tagraíonn caibidil 20 de mo thuarascáil faoi chuntas na seirbhísí poiblí do 2011 do nithe áirithe a bhaineann le Vóta 30 ar mheas mé é a bheith oiriúnach tuairisc a thabhairt fúthu de réir Ailt 3 (10) den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
30 Lúnasa 2012

# Vóta 30 Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha
# Cuntas Leithreasa 2011

| Seirbhís | 2011 Soláthar meastacháin | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|
| **Riarachán** | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1. Tuarastail, pá agus liúntais | 16,289 | 15,690 | 15,668 |
| A.2. Taisteal agus cothabháil | 552 | 407 | 530 |
| A.3. Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,092 | 880 | 1,079 |
| A.4. Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 528 | 426 | 424 |
| A.5. Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha | 3,118 | 2,665 | 2,569 |
| A.6. Costais áitreabh oifige | 920 | 763 | 846 |
| A.7. Seirbhísí comhairliúcháin agus luach ar airgead agus athbhreithnithe polasaí | 1,980 | 1,364 | 1,246 |
| A.8. Trealamh, stórtha agus cothabháil | 123 | 81 | 103 |
| **Cumarsáid** | | | |
| B.1. Faisnéis agus cumarsáid clár teicneolaíochta | 29,630 | 8,831 | 49,776 |
| B.2. Forbairtí ilmheán | 8,495 | 8,074 | 7,950 |
| B.3. Sochaí na faisnéise agus rChuimsiú | 950 | 174 | 113 |
| **Craolachán** | | | |
| C.1. Deontas do Radio Teilifís Éireann le haghaidh táillí ceadúnais chraolacháin (deontas-i-gcabhair) | 185,724 | 182,444 | 195,000 |
| C.2. Íocaíocht leis bPost le haghaidh bhailiú táillí ceadúnais chraolacháin | 12,457 | 12,405 | 11,943 |
| C.3. Deontas i leith Theilifís na Gaeilge (deontas-i-gcabhair) | 33,550 | 36,260 | 34,050 |
| C.4. Ciste Craolacháin | 14,704 | 14,420 | 14,678 |
| C.5. Deontais le haghaidh teilifíse trastíre digití | 3,000 | 575 | 50 |
| **Fuinneamh** | | | |
| D.1. Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann - costais riaracháin agus ghinearálta (deontas-i-gcabhair) | 8,968 | 7,763 | 7,491 |
| D.2. Cláir fhuinnimh inbhuanaithe (airgeadteoranta) | 109,451 | 100,500 | 100,953 |
| D.3. Cláir fhuinnimh inbhuanaithe (airgead-teoranta) | 14,400 | 9,252 | 7,356 |
| D.4. Infreastruchtúr straitéiseach fuinnimh | 1 | — | — |

| Seirbhís | | 2011 Soláthar meastacháin | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Acmhainní Nádúrtha** | | | | |
| E.1. | Seirbhísí Peitriliam | 1,367 | 1,183 | 5,378 |
| E.2. | Seirbhísí Mianadóireachta | 4,700 | 1,971 | 1,960 |
| E.3. | Seirbhísí SGÉ | 540 | 488 | 270 |
| E.4. | Tionscnaimh Gheo-Eolaíochta | 2,208 | 1,437 | 3,262 |
| E.5. | An Suirbhé Náisiúnta ar Ghrinneall na Mara | 2,900 | 2,944 | 3,002 |
| E.6. | Suirbhéireacht Ordanáis Éireann (deontas-i-gcabhair) | 7,451 | 7,451 | 4,985 |
| **Iascaigh Intíre** | | | | |
| F. | Iascach Intíre | 28,617 | 27,565 | 28,736 |
| **Ilghnéitheach** | | | | |
| G.1. | Síntiúis d'Eagraíochtaí Idirnáisiúnta | 467 | 299 | 373 |
| G.2. | Ciste Bainistíochta ar na hAthruithe do Chomhlachtaí Neamh-Thráchtála arna maoiniú ag an Roinn | 1 | — | — |
| G.3. | Seirbhísí gáis | 32 | 32 | 32 |
| G.4. | Seirbhísí eile | 501 | — | — |
| | **Ollchaiteachas** | **494,716** | **446,344** | **499,823** |
| H. | **Bain as Leithreasuithe-i-gcabhair** | **241,243** | **239,648** | **244,003** |
| | **Glanchaiteachas** | **253,473** | **206,696** | **255,820** |
| | **Farasbarr don bhliain** | | **€46,776,852** | **€32,916,036** |
| | **Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas** | | **€15,800,000** | **—** |
| | **Farasbarr le tabhairt suas** | | **€30,976,852** | **€32,916,036** |

# Nótaí leis an gCuntas Leithghabhála

## 1 Ráiteas Costais Oibriúcháin 2011

| | | | 2011 | 2010 |
|---|---|---|---|---|
| | Nóta | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas ar riarachán | | | 22,276 | 22,465 |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir | | | 424,068 | 477,358 |
| **Ollchaiteachas** | | | 446,344 | 499,823 |
| Bain as | | | | |
| **Leithreasuithe-i-gcabhair** | | | 239,648 | 244,003 |
| **Glanchaiteachas** | | | 206,696 | 255,820 |
| | | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | | |
| Ceannacháin airgid tirim | | (329) | | |
| Dímheas | | 1,752 | | |
| Fáltais ar dhiúscairtí | | — | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | | — | 1,423 | 2,284 |
| | | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní atá á bhforbairt** | | | | |
| Íocaíochtaí airgid tirim | | | (124) | (197) |
| | | | | |
| **Athruithe ar Ghlansócmhainní Reatha** | | | | |
| Méadú ar fhabhruithe dúnta | | 457 | | |
| Laghdú ar stoc | | 32 | | |
| | | | 489 | (790) |
| **Caiteachas díreach** | | | 208,484 | 257,117 |
| | | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara | 1.1 | | 13,388 | 12,676 |
| Cíosanna barúlacha | | | 3,257 | 2,820 |
| **Costas oibriúcháin iomlán** | | | **225,129** | **272,613** |

### 1.1 Glansuim Seirbhísí Gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna measta seo a leanas i leith Vóta 30 atá curtha chun dochair áit eile.

| | | 2011 | 2010 |
|---|---|---|---|
| **Vóta** | | €000 | €000 |
| 6 | Airgeadais | 132 | — |
| 7 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 8,870 | 8,303 |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 325 | 334 |
| 10 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 3,775 | 3,706 |
| 20 | An Garda Síochána | 59 | 193 |
| | Príomhchiste - Pinsin airí srl | 227 | 140 |
| | | **13,388** | **12,676** |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2011

| | Nóta | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 6,355 | 7,690 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhForbairt** | 2.2 | 239 | 203 |
| | | **6,594** | **7,893** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 11,068 | 155 |
| Stoic | 2.4 | 310 | 342 |
| Réamhíocaíochtaí | | 373 | 810 |
| Ioncam fabhraithe | | 1,586 | 1,552 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 289 | 83 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **13,626** | **2,942** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 78 | 125 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 1,461 | 1,279 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.7 | 9,896 | (1,041) |
| Inncam iarchurtha | | 101 | — |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **11,536** | **363** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **2,090** | **2,579** |
| **Glansócmhainní** | | **8,684** | **10,472** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Chuntas maoiniú Stáit** | | **8,684** | **10,472** |

## 2.1 Ráiteas ar Shócmhainní Caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Trealamh oifige | Trealamh oifige/IT | Trealamh agus mótarfheithiclí | Iomláin |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ar 1 Eanáir 2011 | 859 | 1,239 | 19,832 | 3,747 | 25,677 |
| Breiseanna | — | 4 | 349 | 64 | 417 |
| Diúscairtí | — | (4) | (150) | — | (154) |
| Costas nó luacháil ar 31 Nollaig 2011 | 859 | 1,239 | 20,031 | 3,811 | 25,940 |
| **Dímheas carnach** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ar 1 Eanáir 2011 | — | 1,055 | 14,372 | 2,560 | 17,987 |
| Dímheas don bhliain | — | 61 | 1,397 | 294 | 1,752 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (4) | (150) | — | (154) |
| Dímheas carnach ar 31 Nollaig 2011 | — | 1,112 | 15,619 | 2,854 | 19,585 |
| **Glansócmhainní ar 31 Nollaig 2011** | **859** | **127** | **4,412** | **957** | **6,355** |
| **Glansócmhainní ar 31 Nollaig 2010** | **859** | **184** | **5,460** | **1,187** | **7,690** |

**Nótaí:**

(a) Níl na hiascaigh seo a leanas san áireamh i sócmhainní caipitil ach tá siad faoi úinéireacht ag an Aire agus faoi bhainistíocht ag Iascaigh Intíre na hÉireann

Gaillimh
Abhainn Fhia/Abhainn tSocair, Contae Dhún na nGall

(b) Le stua siopadóireachta Shráid Annraoi Ard-Oifig an Phoist a baineann talamh agus foirgnimh

(c) Tá leas tairbhiúil ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha i Líonraí Cathrach atá tógtha le cómhaoiniú ó údaráis áitiúla áirithe agus ón gCiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa. Níl an leas seo aitheanta.

## 2.2 Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt

ar 31 Nollaig 2011

| | Feidhmchláir agus taighde ríomhaireachta |
|---|---|
| | €000 |
| Méideanna arna dtabhairt ar aghaidh ar 1 Eanáir 2011 | 203 |
| Íocaíochtaí airgid tirim don bhliain | 124 |
| Arna aistriú go clár na sócmhainní | (88) |
| Méideanna arna dtabhairt ar aghaidh ar 31 Nollaig 2011 | 239 |

## 2.3 Banc agus Airgead Tirim

| ar 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna Phámháistir Ghinearálta agus airgead tirim | 11,368 | 1,449 |
| Orduithe amuigh | (300) | (1,294) |
| | 11,068 | 155 |

## 2.4 Stoic

| ar 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Trealamh TF | 29 | 43 |
| Suirbhé Geolaíochta na hÉireann | 266 | 283 |
| Páipéarachas | 15 | 16 |
| | 310 | 342 |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ar 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Dlite ón Stát | 1 | — |
| Fionraí | 288 | 83 |
| | 289 | 83 |

## 2.6 Iarmhéideanna sochair eile

| ar 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| **Méideanna dlite don stát** | | |
| Cáin Shiarchoinneálach | 181 | 175 |
| Cáin Bhreisluacha | 137 | 144 |
| Géilleadh deonach pá | 8 | — |
| | 326 | 319 |
| Fionraí | 1,135 | 960 |
| | 1,461 | 1,279 |

## 2.7 Glandliteanas don Státchiste

| ar 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Farrasbarr le tabhairt suas | 30,977 | 32,916 |
| Tabhairt suas arna iarchur | 15,800 | — |
| Deontas ón Státchiste gan tarraingt | (36,881) | (33,957) |
| Glandliteanas don Státchiste | 9,896 | (1,041) |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 11,068 | 155 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 288 | 83 |
| Dlite ón Stát | 1 | — |
| | 11,357 | 238 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (326) | (319) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (1,135) | (960) |
| | (1,461) | (1,279) |
| | 9,896 | (1,041) |

## 2.8 Ceangaltais

| **(a) Tiomantais Dhomhanda** | **2011**<br>**€000** | **2010**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Iomlán na dTiomantas infhorghníomhaithe le dlí | 1,291 | 6,668 |

**(b) Ceangaltais Chaipitil Ilbhliantúla**

| **Tionscadal** | **Caiteachas go 31 Nollaig 2010** | **Caiteachas i 2011** | **Blianta ina dhiaidh sin** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Cláir TFC | 242,646 | 8,766 | 18,673 | 270,085 |
| Forbairtí Ilmheán | 19,773 | 4,457 | 6,000 | 30,230 |
| Cláir um fhuinneamh inbhuanaithe | 7,771 | 90,106 | 29,014 | 126,891 |
| Cláir taighde um fhuinneamh | 8,165 | 5,654 | 2,031 | 15,850 |
| Seirbhísí mianadóireachta | 9,843 | 1,346 | 150 | 11,339 |
| Tionscnaimh geo-eolaíochta | 8,405 | 1,437 | 5,751 | 15,593 |
| An suirbhé náisiúnta ar ghrinneall na mara | 20,582 | 2,944 | 5,300 | 28,826 |
| TG4 | 1,800 | 3,510 | 4,965 | 10,275 |
| | **318,985** | **118,220** | **71,884** | **509,089** |

Ní bhaineann figiúirí caiteachais don bhliain 2011 agus do na blianta roimhe sin ach le tionscadail a bhfuil ceangaltais orthu atá ceangailteach ó thaobh an dlí sa todhchaí.

## 2.9 Dliteanas teagmhasach

Is féidir go n-eascróidh dliteanais airgeadais i 2012 agus sna blianta ina dhiaidh sin ag brath ar thorthaí chaingne dlí reatha, ar feitheamh agus a d'fhéadfadh tarlú sa todhchaí agus a bhaineann leis an AE nó dreamanna eile. Ní féidir na suimeanna ábhartha a chinneadh ag an bpointe seo.

## 3 Éagsúlachtaí sa Chaiteachas

Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal caiteachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh (25% i gcás na bhfotheideal riaracháin).

| Fotheideal | Níos lú/(mó) ná an méid a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| A.2. | 145 | D'eascair an coigilteas mar gheall ar leibhéil taistil oifigiúil níb'ísle ná mar a bhíothas ag dréim leis agus mar gheall ar iarrachtaí na Roinne caiteachas iomlán riaracháin a laghdú. |
| A.7. | 616 | D'eascair an coigilteas de thairbhe nach ndeachthas ar aghaidh le roinnt comhairleachtaí agus mar gheall ar iarrachtaí na Roinne caiteachas iomlán a laghdú ar sheirbhísí comhairleachtaí. |
| B.1. | 20,799 | D'eascair an éagsúlacht go príomha mar gheall ar chur i bhfeidhm an chláir Leathanbhanda 100Mbps le haghaidh na Scoileanna a tharla níos déanaí ná mar a bhíothas ag dréim leis. |
| B.3. | 776 | D'eascair an coigilteas go príomha ós rud é nár tharla an caiteachas beartaithe maidir leis na tionscadail sábháilteachta idirlín agus seirbhíse freagartha glaonna éigeandála i 2011. |
| C.3. | (2,710) | D'eascair an farasbarr leis an aistriú go teilifís ardghléine ag TG4 a éascú. |
| C.5. | 2,425 | D'eascair an coigilteas mar gheall ar thosú níos déanaí ná mar a bhíothas ag dréim leis an fheachtais um fhaisnéis agus um fheasacht maidir le Teilifís Trastíre Dhigiteach. |
| D.1. | 1,205 | Coigilteas a tharla go príomha ós rud é go raibh an SEAI faoi chionn a síleála Creata Rialaithe Fostaíochta. |
| D.2. | 8,951 | D'eascair an coigilteas ós rud é go raibh an t-éileamh ar an Scéim um Thithe Fuinnimh Feabhsaithe níos lú ná mar a bhíothas ag dréim leis. |
| D.3. | 5,148 | Cuireadh siar caiteachas i roinnt tionscadal ar feitheamh ar athbhreithniú ar na tosaíochtaí caiteachais. |
| E.1. | 184 | D'eascair an coigilteas go príomha mar gheall ar mhoill i gcur i gcrích dhá mheasúnú timpeallachta straitéiseacha. |
| E.2. | 2,729 | D'eascair an coigilteas mar gheall ar mhoill maidir le tús a chur le hobair fheabhais ag mianach faoi úinéireacht an stáit agus ós rud é nach ndeachthas ar aghaidh go céim na híocaíochta i gcás roinnt íocaíochtaí cúitimh mhianadóireachta. |
| E.4. | 771 | D'eascair an coigilteas mar gheall ar chaiteachas iarchurtha maidir le Clár Taighde Griffith agus mar gheall ar Thionscadal Teorann Tellus. |
| G.1. | 168 | D'eascair an coigilteas ós rud é go raibh na síntiúis a rinneadh d'eagraíochtaí idirnáisiúnta le linn na bliana níba lú ná mar a bhíothas ag dréim leis. |
| G.4. | 501 | D'eascair an coigilteas ós rud é nach raibh ciste teagmhais caipitil ag teastáil i 2011. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasuithe-i-gcabhair | 2011 Measta €000 | 2011 Réadaithe €000 | 2010 Réadaithe €000 |
|---|---|---|---|
| 1. Fáltais ó fhíneálacha agus fhorghéilleadh maidir le cionta iascaigh | 50 | 28 | 45 |
| 2. Fáltais de bhun an Achta Forbartha Mianraí 1940 agus de bhun an Achta um Fhorbairt Pheitriliam agus Mianraí Eile, 1960 | 11,488 | 13,382 | 9,300 |
| 3. An Grúpa Tacaíochta um Bonneagar Peitriliam | 1,166 | 1,175 | 5,227 |
| 4. Táillí ceadúnais chraolacháin | 222,130 | 217,759 | 222,376 |
| 5. Ioncam ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann | 400 | 305 | 627 |
| 6. Cíos ar áitribh in Ard-Oifig an Phoist | 223 | 192 | 230 |
| 7. Seirbhís freagartha glaonna éigeandála | 250 | — | — |
| 8. Ilghnéitheach | 1,500 | 2,506 | 1,839 |
| 9. Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 4,036 | 4,301 | 4,359 |
| **Iomlán** | **241,243** | **239,648** | **244,003** |

| Ilghnéitheach | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Ranníocaíocht pinsin ó Fhuinneamh Inmharthana Éireann | 225 | 210 |
| Ranníocaíocht pinsin ó Choimisiún Craolacháin na hÉireann | 771 | 421 |
| Ranníocaíocht pinsin ó Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann | 409 | — |
| Ranníocaíocht pinsin ón nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach | — | 136 |
| Costais a aisghabhadh ó chomhlachtaí eile | 69 | 246 |
| Próiseas fíoraithe na Coiribe | 274 | — |
| Ríchíosanna i leith Líonraí Cathrach | 735 | 786 |
| Eile | 23 | 40 |
| **Iomlán** | 2,506 | 1,839 |

**Míniú ar na héagsúlachtaí is cuid suntais**

Tá míniú tugtha thíos i gcás gach fotheidil nuair ba mhó ná €100,000 agus ná 5% an difríocht idir an tsuim a réamh-mheasadh agus an toradh.

| Ceann-teideal | Níos lú/(mó) ná an méid a réamh-mheasadh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| 2 | (1,894) | Fáltais níos airde ná mar a ceapadh de bharr méaduithe i dtáirgeadh agus i ngníomhaíochtaí maidir le ceadúnas sirtheoireachta. |
| 7 | 250 | Cuireadh tosú ECAS siar go 2012. Is beart é seo atá neodrach ó thaobh an Vóta de agus dá réir sin níorbh fhéidir aon ioncam a aithint i 2011. |
| 8 | (1,006) | Bhí na fáltais níb'airde ná mar a bhíothas ag súil leis ós rud é gur tugadh gnáthaimh athbhreithnithe isteach maidir le bailiú an airgid aoisliúntais ó roinnt Comhlachtaí Stáit. |
| 9 | (265) | Fáltais níb'airde ná mar a bhíothas ag dréim leis mar gheall ar neamhchinnteacht maidir le tuair scoir. |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| **Líon na mball foirne ag deireadh na bliana** (mar aonaid lánaimseartha) | 259 | 263 |

| | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 14,715 | 15,089 |
| Liúntais le haghaidh dualgas ard, speisialta nó breise | 105 | 170 |
| Liúntais eile | 80 | — |
| Ragobair | 47 | 55 |
| ÁSPC an Fhostóra | 743 | 709 |
| **Pá iomlán** | 15,690 | 16,023 |

## 5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | Líon daoine a fuair | Líon daoine a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair<br>2011<br>€ | Uasíocaíocht aonair<br>2010<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Dualgais arda, speisialta nó bhreise | 11 | 4 | 20,614 | 20,635 |
| Liúntais eile | 54 | — | 7,098 | 6,765 |
| Ragobair | 12 | — | 9,133 | 13,092 |

**Nóta**: fuair daoine áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

## 5.2 Íocaíochtaí Fiúntais agus Feidhmíochta

Ní dhearnadh aon íocaíochtaí feidhmíochta ná fiúntais in 2011.

## 5.3 Socruithe eile maidir le Luach Saothair

Rinneadh íocaíocht ex-gratia arbh fhiú €1,569 é le ceathrar fostaithe i ndáil le cinneadh Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa maidir le fostaithe ar chonarthaí téarma seasta.

Rinneadh íocaíocht ex-gratia €11,936 le hiarfhostaí maidir le sochair scoir chomhaontaithe.

# 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Maoiniú ón AE

Áiríonn an toradh a léirítear d'Fhotheideal B.1. do 2011 caiteachas a cómhaoiníodh as Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

## 6.2 Coimisiúin agus Fiosrúcháin

Íocadh €152,264 (2010: €358,767) i leith costas éagsúil a tháinig as an mbaint a bhí ag an Roinn le Binse Moriarty.

## 6.3 Ilghnéitheach eile

Rinneadh íocaíocht €231,916 mar shocraíocht i gcás dlí a bhain le Gáscheantar na Coiribe.

Íocadh €12,100 mar chostais dlí mar thoradh ar Ordú Ard-Chúirte i leith cáis a bhain leis an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh.

## 6.4 Ciste Cláir Bhonneagair Pheitriliam

Ráiteas ar fháltais agus íocaíochtaí Chiste Cláir Bhonneagair Pheitriliam don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011.

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ar 1 Eanáir | 6,563 | 1,677 |
| Fáltais | 1,104 | 5,245 |
| Íocaíochtaí | (383) | (359) |
| Iarmhéid ar 31 Nollaig | 7,284 | 6,563 |

Bunaíodh an Clár Bonneagair Pheitriliam (PIP) i 1997 agus tá sé maoinithe ag cuideachtaíola le ceadúnais taiscéalaíochta amach ón gcósta eisithe ag an Rannán Gnóthaí Peitriliaim. Tá sé mar aidhm aige taiscéalaíocht agus gníomhaíochtaí forbartha hidrea-carbóin a chur chun cinn trí struchtúir tacaíochta áitiúla a láidriú, maoiniú ar bhailithe sonraí taighde agus taighde 'bunaithe ar an talamh' i limistéir amach ó chósta na hÉireann agus soláthraíonn sé fóram comhoibrithe i measc taisceolaithe agus taighdeoirí. Taifeadtar fáltais maidir leis an PIP ciste mar leithreasaí-i-gcabhair agus íoctar iad isteach sa chiste trí mheán Fotheidil E.1.

Tá an ciste á riar ag Rannán Gnóthaí Peitriliam na Roinne.

## 6.5 Tabhairt ar aghaidh go 2012

Faoi fhorálacha Ailt 91 den Acht Airgeadais 2004, tugadh €15.8m den leithdháileadh neamhchaite maidir le heilimintí caipitil na bhfotheideal B2 agus D2 ar aghaidh go 2012.